

Príomhfheidhmeannach

Tuarastal: £51,385 go £54,072

Tag: IRC223596

Suíomh: Lonnaithe i Sráid na Banríona, Béal Feirste

Deis ar Cheapachán Buan

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) an foras atá ionadaíoch thar ceann na Gaelscolaíochta. Chuir an Roinn Oideachais (RO) ar bun í sa bhliain 2000 leis an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh.

Is mian le Bord CnaG anois Príomhfheidhmeannach a cheapadh chun tacú leo a bhfís agus a straitéis d'earnáil na Gaelscolaíochta a fhorbairt agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hearnála trí phlé a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta. Beidh ar an té a cheapfar chomh maith an eagraíocht a bhainistiú go héifeachtach, foireann a threorú agus bainistíocht airgeadais agus rialachas láidir a chinntiú.

Don phost teastaíonn bainisteoir a bhfuil sainchleachtadh díreach acu ar fhoireann, airgeadas agus rialachas a bhainistiú agus an cumas acu caidrimh dhearfacha chuiditheacha a bhunú le réimse ilchineálach de pháirtithe leasmhara. Is gá go mbeadh idir Ghaeilge agus Bhéarla ar a dtail acu agus go mbeifí in ann a léiriú go raibh baint acu cheana le hearnáil na Gaelscolaíochta nó leis an earnáil dheonach Ghaeilge nó leis an earnáil phobail Ghaeilge.

Le haghaidh tuilleadh eolais níos mionsonraithe agus chun iarratas a chur isteach, téigh, le do thoil, chuig **www.nicsrecruitment.org.uk**

Nó, is féidir pacáiste iarratais a iarraidh ach teagmháil a dhéanamh le:

HRConnect, PO Box 1089, The Metro Building, 6-9 Cearnóg Donegall Theas, Béal Feirste, BT1 9EW. Fón: 0800 1 300 330. Rphost: recruitment@hrconnect.nigov.net

Ní mór d'ainm, do sheoladh agus an uimhir thagartha IRC223596 a bheith istigh leis an iarratas.

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh ag tráth nach moille ná

12.00 iarnóin (Am RA) Dé hAoine 1 Nollaig 2017.

Is féidir go gcuimhneoidh CnaG ar cheapachán a dhéanamh ar bhonn iasachta ar théarma seasta.

Tá CnaG tiomanta don chomhionannas deiseanna ar fhostaíocht.

BREITHNÍTEAR GACH IARRATAS AR FHOSTAÍOCHT AR BHONN FIÚNTAIS AGUS AR AN BHONN SIN AMHÁIN